Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Nollaig 2019
(OR. en)

14517/19

TELECOM 372
CYBER 323
COMPET 769
MI 815
CONSOM 320

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 3 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tábhacht 5G do Gheilleagar na hEorpa agus an gá atá ann rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú<br>- Conclúidí ón gComhairle (3 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle "Tábhacht 5G do gheilleagar na hEorpa agus an gá atá ann rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú", mar a ghlac an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh iad ag an gcruinniú a bhí aici an 3 Nollaig 2019.

---

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tábhacht a bhaineann le 5G do Gheilleagar na hEorpa agus an gá atá ann rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,**

**Ag féachaint d'acmhainneacht líonraí 5G do gheilleagar na hEorpa, do mhargadh aonair an Aontais agus do shaoránaigh na hEorpa**

1. AITHNÍONN SÍ gur éabhlóid ar líonraí 4G é 5G agus go méadófar le 5G an acmhainneacht a bhaineann le soláthar […] seirbhísí líonraí móibíleacha agus ag an am céanna go gcumasófar samhlacha nuálacha gnó agus seirbhísí poiblí ar fud earnálacha éagsúla chomh maith le deiseanna eile do shaoránaigh Eorpacha, d'oibreoirí teileachumarsáide, do chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, don earnáil phoiblí chomh maith le geallsealbhóirí eile.

2. MEABHRAÍTEAR DI gur fhorbair an tAontas creat dlíthiúil chun dul i ngleic le rioscaí cibearshlándála a bhaineann le 5G agus chun iad a mhaolú, amhail Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (EECC) agus Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais (Treoir NIS).

3. AITHNÍONN SÍ gur gá cuspóirí uaillmhianacha Phlean Gníomhaíochta 5G a ghlac an Coimisiún in 2016 agus Dhearbhú Aireachta Thaillinn maidir le 5G a bhaint amach, chomh maith leis an treochlár gaolmhar a comhaontaíodh idir na Ballstáit in 2017, ag cur le spriocanna na Sochaí Gigighiotáin.

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbeidh líonraí 5G mar chuid de bhonneagar ríthábhachtach chun feidhmeanna ríthábhachtacha sochaíocha agus eacnamaíocha a oibriú agus a chothabháil agus go mbeidh raon leathan seirbhísí ann atá tábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh lena n-áirítear a chlaochlú digiteach agus i ndáil leis sin CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá ceannasacht theicneolaíoch na hEorpa agus cur chuige an Aontais maidir le cibearshlándáil na líonraí cumarsáide leictreonaí amach anseo a chur chun cinn ar fud an domhain.

5. CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí atá sé feidhmiú céimneach tapa bunaithe ar éileamh na líonraí 5G a áirithiú agus gur príomhshócmhainn d'iomaíochas na hEorpa agus don inbhuanaitheacht agus gur cumasóir mór é 5G le haghaidh seirbhísí digiteacha amach anseo chomh maith le tosaíocht don Mhargadh Aonair Eorpach. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN AN CHOMHAIRLE I bhFIOS GO LÁIDIR freisin a thábhachtaí atá an comhar idir na Ballstáit maidir le leas a bhaint as líonraí 5G i limistéir trasteorann idir na Ballstáit.

6. AITHNÍONN SÍ gur gá feasacht an phobail a ardú maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le 5G agus inniúlachtaí a mhéadú laistigh d'fhorbróirí agus de ghrúpaí úsáideoirí éagsúla, agus go bhfuil ról ag an earnáil phoiblí maidir le glacadh 5G a spreagadh trí dhea-shampla a thabhairt, agus molann sí do na geallsealbhóirí ábhartha go léir páirt a ghlacadh i ndáil le faisnéis agus taithí a chomhroinnt chun tacú le feidhmiú rathúil teorainneacha 5G, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le réimsí leictreamaighnéadacha (EMF) a thomhas.

7. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun go mbeidh an tAontas ar thús cadhnaíochta ó thaobh líonraí 5G a imlonnú agus réitigh 5G-bhunaithe a fhorbairt lena gcothófar fás agus nuálaíocht, lena gcuirfear feabhas ar shaol laethúil na saoránach agus na ngnólachtaí, lena gcumasófar seirbhísí agus feidhmchláir nua chomh maith le deiseanna breiseanna a thabhairt don tsochaí ina hiomláine i bpríomhearnálacha agus i bpríomhthionscail amhail fuinneamh, cúram sláinte, talmhaíocht, airgeadas agus soghluaisteacht.

**<u>Ag féachaint do na dúshláin a bhaineann le líonraí 5G</u>**

8. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé slándáil agus athléimneacht líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a chosaint, go háirithe maidir le 5G, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR cé go dtugann imlonnú líonraí 5G deiseanna nua go gcuireann na hathruithe ollmhóra a dhéanfaidh teicneolaíochtaí 5G ar na líonraí, gléasanna agus feidhmchláir, agus mar gheall ar na hábhair imní slándála mhéadaithe a bhaineann le sláine agus infhaighteacht líonraí 5G, chomh maith le rúndacht agus príobháideacht, gur gá don Aontas agus do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar chur chun cinn chibearshlándáil na líonraí sin agus na seirbhísí go léir atá ag brath ar chumarsáid leictreonach.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí comhpháirteacha Eorpacha atá á ndéanamh i gcónaí maidir le slándáil líonraí 5G a chosaint, ar iarrachtaí iad atá bunaithe go háirithe ar an Moladh ón gCoimisiún maidir le Cibearshlándáil na Líonraí 5G agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht atá le cur chuige comhordaithe agus cur chun feidhme éifeachtach an Mholta d’fhonn ilroinnt sa Mhargadh Aonair a sheachaint.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI an measúnú riosca comhordaithe Eorpach a foilsíodh ar an 9 Deireadh Fómhair 2019 mar an chéad ghné gur féidir baint amach i ndiaidh an Mholta.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS go méadófar dromchla foriomlán an ionsaithe de bharr na n-athruithe teicneolaíochta a thabharfar isteach le 5G agus nach mór aird ar leith a thabhairt ar phróifílí riosca na soláthróirí aonair.

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, sa bhreis ar na rioscaí teicniúla a bhaineann le cibearshlándáil líonraí 5G, gur cheart breathnú freisin ar thosca neamhtheicniúla amhail an creat dlí agus beartais a bhféadfadh soláthróirí a bheith faoina réir i dtríú tíortha.

14. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbreithneodh na Ballstáit an gá atá le soláthróirí a éagsúlú chun cruthú mórthuilleamaíochtaí ar sholáthróir aonair a sheachaint nó a theorannú, toisc go méadófaí leis sin an neamhchosaint do na hiarmhairtí a bhainfeadh le cliseadh ionchasach an tsoláthróra sin.

15. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hidirthuilleamaíochtaí idir líonraí 5G agus córais agus seirbhísí ríthábhachtacha poiblí agus príobháideacha eile.

**<u>DÉANANN SÍ, DÁ BHARR SIN, AN MÉID A LEANAS:</u>**

16. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil leathadh amach tapa agus slán na líonraí 5G ríthábhachtach chun feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais agus go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe san Aontas gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát i dtaca le leathadh amach na líonraí agus leis an tslándáil náisiúnta.

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil cothú muiníne i dteicneolaíochtaí 5G bunaithe go daingean i mbunluachanna an Aontais, amhail cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, an smacht reachta, cosaint príobháideachais, sonraí pearsanta agus maoine intleachtúla, sa tiomantas do thrédhearcacht, iontaofacht agus cuimsiú na ngeallsealbhóirí agus na saoránach uile, agus sa chomhar idirnáisiúnta feabhsaithe chomh maith.

18. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá cur chuige cuimsitheach agus bearta slándála éifeachtacha agus comhréireacha a dhíríonn ar shlándáil agus ar phríobháideacht trí dhearadh mar chuid lárnach de bhonneagar 5G agus den trealamh teirminéil mar gheall ar an teicneolaíocht atá ag éirí níos casta, níos idirnasctha agus atá ag athrú go tapa.

19. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá 5G agus líonraí cumarsáide leictreonaí gaolmhara eile a chosaint go leanúnach feadh a saolré ar fad chun an slabhra soláthair iomlán agus gach trealamh ábhartha a chumhdach.

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le forfheidhmiú an dlí mar thoradh ar líonraí agus seirbhísí 5G a imlonnú, lena n-áirítear, mar shampla, idircheapadh dleathach, agus iad a mhaolú.

21. AITHNÍONN SÍ gur gá caighdeáin chomhchoiteanna agus bearta slándála láidre comhchoiteanna a chur ar bun, lena n-aithneofar iarrachtaí idirnáisiúnta maidir le caighdeánú ar 5G, le haghaidh na monaróirí, na n-oibreoirí cumarsáide leictreonaí agus na soláthraithe seirbhíse uile ábhartha agus gur ó pháirtithe iontaofa amháin a thiocfaidh príomh-chomhpháirteanna, amhail comhpháirteanna atá ríthábhachtach don tslándáil náisiúnta.

22. TACAÍONN SÍ leis an obair leanúnach atá á déanamh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) maidir leis an gcreat Eorpach um dheimhniú i ndáil le cibearshlándáil arna bhunú ag an nGníomh um Chibearshlándáil, lena bhféadfaí leibhéal na cibearshlándála a fheabhsú do tháirgí, do sheirbhísí agus do phróisis TFC.

23. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, cé go bhféadfadh caighdeánú agus deimhniú a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála áirithe a bhaineann le líonraí 5G, go bhfuil gá le bearta slándála breise chun na rioscaí a mhaolú go héifeachtach.

24. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-ullmhúchán leanúnach atá á dhéanamh ag an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an earnáil phríobháideach, ar chomhpháirtíocht straitéiseach Eorpach maidir le Gréasáin agus Seirbhísí Cliste faoi Fhís Eorpach d'fhonn infheistíochtaí a chur chun cinn, an t-iomaíochas a chothabháil agus a neartú, an taighde, an nuálaíocht agus forbairt réiteach slán a threisiú i réimse 5G agus ina dhiaidh sin.

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI tosaíocht na cibearshlándála sa Chlár don Eoraip Dhigiteach atá beartaithe mar mhodh chun acmhainneachtaí cibearshlándála an Aontais a threisiú, chomh maith leis an tionscnamh faoin gclár "Saoráid um Chónascadh na hEorpa" atá beartaithe maidir le conairí trasteorann 5G TEN-T.

26. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, le tacaíocht ó ENISA, na bearta uile is gá a dhéanamh laistigh dá n-inniúlachtaí chun slándáil agus sláine na líonraí cumarsáide leictreonaí a áirithiú, go háirithe líonraí 5G, agus leanúint de chur chuige comhordaithe a chomhdhlúthú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála a bhaineann le teicneolaíochtaí 5G agus ar bhonn na hoibre comhpháirtí atá ar siúl faoi láthair maidir le bosca uirlisí slándála 5G chun modheolaíochtaí agus uirlisí comhchoiteanna éifeachtacha a shainaithint chun rioscaí a bhaineann le líonraí 5G a mhaolú.